HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# Ráiteas Straitéise | 2010-2012



Ár bhFís:
Cultúr náisiúnta ina mbeidh cách tiomanta don tsábháilteacht agus don tsláinte ar na hionaid oibre agus do bhainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach



# Clár Ábhair


**Brollach leis an Aire Gnóthaí Saothair . . . . . 2**

**1. Réamhrá . . . . . 3**

**2. Sábháilteacht agus Sláinte in Éirinn . . . . . 5**

2.1 An Geilleagar agus an tSábháilteacht agus Sláinte . . . . . 8

**3. Ár Straitéis . . . . . 9**

3.1 Achoimre Fheidhmeach . . . . . 10

3.2 Fís . . . . . 11

3.3 Torthaí Tairbhiúla . . . . . 11

3.4 Misean na hEagraíochta . . . . . 11

3.5 Luachanna Eagraíochtúla . . . . . 11

**4. Spriocanna Straitéiseacha agus Straitéisí . . . . . 12**

4.1 Cur Chuige Ginearálta . . . . . 12

4.2 Spriocanna Ginearálta . . . . . 14

**5. Straitéisí Chun Tacú le Cur i gCrích ár bPríomhspriocanna . . . . . 15**

5.1 Sprioc: Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú . . . . . 15

5.2 Sprioc: Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas – eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, tráchtála agus seachbhrabúsacha . . . 17

5.3 Sprioc: Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht agus polasaithe chuí a thionscnamh agus a fhorbairt . . . . . 21

5.4 Sprioc: Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais . . . . . 22

5.5 Sprioc: Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn . . . . . 24

5.6 Sprioc: Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead . . . . . . 26

**6. Téamaí Leathana . . . . . 28**

**7. Cur i bhfeidhm . . . . . 31**

**8. Struchtúr . . . . . 32**

**Aguisín 1: Cúram Reachtach an Údaráis . . . . . 33**

**Aguisín 2: Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Straitéise Roimhe Seo . . . . . 38**



Arna fhoilsiú i Márta 2010 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.


© Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó ar mhodh ar bith, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil nó ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Brollach leis an Aire Gnóthaí Saothair

Ó bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 1989, tháinig athrú iomlán ar an tsábháilteacht agus ar an tsláinte cheirde in Éirinn. Sa bhliain 2009, fuair an méid daoine is ísle riamh bás san ionad oibre mar gheall ar thimpiste, de réir taifead. Taispeánadh i suirbhéanna le déanaí ag an AE go bhfuil an pobal i gcoitinne i bhfad níos mó ar an eolas anois faoi shábháilteacht agus faoi shláinte cheirde. Tá leibhéal na dtimpistí san ionad oibre a thaifeadtar in Éirinn ar cheann de na leibhéil timpistí is ísle san AE fós. Caithfimid cuimhneamh, áfach, ar an tionchar mór a bhíonn ag gach bás agus ag gach timpiste.

Go hachomair, tá dul chun cinn iontach déanta againn ach is é an dúshlán atá ann anois, i lár an choir chun donais eacnamaíoch, an dul chun cinn seo a chosaint agus cur go leanúnach leis. Is é seo an dúshlán ar gá díriú air sa straitéis nua ag an Údarás. Agus caithfear díriú ar an dúshlán seo agus brúnna fioscacha gan sárú ann ar dócha go mbraithfear a n-iarmhairtí fad is a bheidh an straitéis reatha i bhfeidhm. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar an Údarás an fheidhm is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní go bhfuil rochtain aige orthu agus caidreamh éifeachtach oibre a fhorbairt le príomhpháirtithe leasmhara chun go n-éireoidh leis an straitéis a chur i gcrích.

Le hachtú an Achta Ceimiceán 2008, cuireadh le cúram an Údaráis. Tá an tÚdarás, agus roinnt comhlachtaí poiblí eile, freagrach anois as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chreat nua an AE chun ábhair cheimiceacha a rialú, REACH. Is dúshlán mór é REACH a chur i bhfeidhm ach bainfidh deiseanna eacnamaíocha leis freisin nuair a dhéanfaidh tionscal na n-ábhar ceimiceach próisis agus táirgí nua a fhorbairt chun freagairt dó.

Faoi dheireadh, is é an t-aon rud amháin atá i gceist leis an ráiteas straitéise seo ná cáilíocht beatha níos fearr do gach duine sa lucht oibre. Formhuiním é agus tacóidh mé leis ar feadh mo chumais.



Dara Mac Giolla Laoire, TD
An tAire Gnóthaí Saothair

# 1. Réamhrá

Seo an dara ráiteas sábháilteachta a d'ullmhaigh an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Is í an chéad straitéis freisin a d'ullmhaíomar ó achtaíodh an tAcht Ceimiceán 2008, rud a d'athraigh cúram an Údaráis go suntasach.

Sa straitéis seo tá sé mar chuspóir againn cur leis an dul chun cinn láidir a rinneadh faoin ráiteas straitéise 2007-2009 roimhe seo. Creidimid go bhfuil raon níos mó ann chun feabhas suntasach inbhuanaithe a chur ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas san ionad oibre, chun a chinntiú go n-úsáidfear ábhair cheimiceacha go sábháilte inbhuanaithe agus chun a bheith ina eiseamláir sábháilteachta agus sláinte san Eoraip.

Tá an straitéis seo mar chomhlánú ar an Dearcadh Polasaí a d'fhorbair an tAire Gnóthaí Saothair ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Léirítear straitéis an AE maidir le sábháilteacht agus sláinte sa straitéis seo freisin. Ghlac an AE príomhpháirt i gcur chuige comhordaithe maidir leis an tsábháilteacht agus an tsláinte a chur chun cinn, chomh maith le hathchóiriú rialála. Léirítear dhá shraith d'fhorbairt reachtach an AE sa straitéis seo.

Tá sé mar chuspóir ag an Údarás agus a chuid oibre á déanamh aige athrú cultúir buan a bhaint amach – cultúr ina mbreathnaíonn gach duine ar bhainistiú réamhghníomhach na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa san ionad oibre mar rud a chuireann go mór le rath fadtéarmach gnóthais nó eagraíochta ar bith. Creidimid go mbainfimid an t-athrú cultúir seo amach má chuirfimid fís agus treoir straitéiseach ar fáil. De réir fianaise, bíonn gnóthais a ghlacann go hiomlán le dea-chleachtais sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre níos iomaíocha agus níos táirgiúla. I measc roinnt de na cuideachtaí is rathúla in Éirinn tá cuideachtaí a chuireann béim mhór ar shábháilteacht agus ar shláinte na bhfostaithe. Tá sé seo ríthábhachtach sna dálaí eacnamaíocha atá againn faoi láthair. Thairis sin, d'fhéadfadh dea-chleachtas sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre feabhas a chur ar shláinte ghinearálta agus ar leas ginearálta na sochaí.

Leantar dhá phríomhshraith mar chuid den chur chuige leathan againn. Ar an gcéad dul síos, gealltanas na ndaoine go léir a threorú agus a bhaint amach ar féidir leo tionchar a imirt ar fheidhmíocht sábháilteachta agus sláinte; sa dara cás, reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte a chur i bhfeidhm i gcás nach nglactar i ndáiríre le comhlíonadh.

Baineann ár gcúram reachtach go príomha le gortú pearsanta agus le drochshláinte cheirde ag an obair a chosc, de réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, agus le húsáid shlán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach de réir fhorálacha an Achta Ceimiceán 2008. Cuirfimid an reachtaíocht atá ann cheana féin i bhfeidhm mar is cuí agus tacóimid leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun reachtaíocht nua a fhorbairt maidir le buntáistí agus le prionsabail na rialála níos fearr.

An ról atá againn ná dea-chleachtas a chur chun cinn agus a chothú in ionaid oibre, ach ní féidir linn é seo a bhaint amach linn féin. Oibreoimid leis na comhpháirtithe sóisialta – fostóirí, fostaithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, daoine féinfhostaithe agus príomheagraíochtaí eile – chun ár dteachtaireacht a chur in iúl agus chun ár spriocanna agus na torthaí is fearr a bhaint amach. Go dtí go ndéanfar an tsláinte agus an tsábháilteacht a bhainistiú mar chuid dhílis dár saolta oibre, ní dhéanfar iad a bhainistiú go héifeachtach. Ag obair as lámha a chéile chun an sprioc agus an toradh seo a bhaint amach, is féidir linn feabhsúcháin réadacha inbhuanaithe a bhaint amach lena mbaineann buntáistí do gach duine.

Forbraíodh an straitéis seo tar éis próisis chomhairliúcháin chríochnúil. Táimid buíoch de gach duine a chuir leis an straitéis agus dóibh siúd go léir a chabhróidh leis an straitéis a thabhairt i gcrích. Threoraigh Bord an Údaráis an próiseas seo, agus cuireadh béim go háirithe ar scála an dúshláin atá os comhair gnóthas sa timpeallacht eacnamaíoch reatha agus ar na priacail atá os comhair oibrithe. Rinne foireann an Údaráis cuid mhór oibre ar an straitéis seo freisin agus tabharfaidh a hiarracht agus a díograis leantach spreagadh do chur i bhfeidhm na straitéise. Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara chun na gealltanais atá leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas a chur i gcrích.



**Jim Lyons**
Cathaoirleach




**Martin O'Halloran**
Príomhfheidhmeannach

# 2. Sábháilteacht agus Sláinte in Éirinn

Ó bunaíodh an tÚdarás sa bhliain 1989, rinneadh dul chun cinn suntasach in Éirinn maidir le sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre. Le deich mbliana anuas, chuireamar leis an treocht leantach anuas i ráta agus i líon na ngortuithe marfacha. Sa tréimhse chéanna, bhí Éire ar cheann de na trí thír san AE go raibh na rátaí gortaithe neamh-mharfacha b'ísle acu.

Baineadh na laghduithe seo amach agus fás tapa ag teacht ar an bhfostaíocht in earnálacha ardphriacail. D'ainneoin laghdú ar ráta gortaithe marfach na hÉireann, caithfear dul chun cinn níos mó a dhéanamh chun go mbeidh Éire inchurtha leis na ballstáit sin a bhfuil na rátaí gortaithe marfacha is ísle acu san AE.

**Figiúr 1: Ráta marfach in aghaidh 100,000 oibrí in Éirinn 2000-2008**





Foinse: Bunachar sonraí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Bíonn an ráta gortaithe san ionad oibre in Éirinn níos ísle i gcónaí ná meánráta an AE agus tá sé ar cheann de na rátaí gortaithe is ísle san Eoraip Thit an ráta gortaithe san Aontas Eorpach (15 thír) ó thart ar 4,000 gortú go dtí níos lú ná 3,000 gortú in aghaidh 100,000 oibrí sa tréimhse 2000 go dtí 2007. D'fhan ráta gortaithe na hÉireann idir timpeall is 1,000 agus 1,500 gortú in aghaidh 100,000 oibrí sa tréimhse chéanna.

Tacaíonn torthaí an tSuirbhé ar an Lucht Saothair sa bhliain 2007 le rangú na hÉireann – thuairiscigh 1.5% d'oibrithe in Éirinn gur gortaíodh iad san ionad oibre an bhliain roimhe sin i gcomparáid le meánlíon oibrithe 3.2% trasna ballstáit go léir an AE27.

**Figiúr 2: Rátaí gortuithe neamhmharfacha (4+lá) san AE 2007 (Eurostat)**




*Níl fáil ar shonraí na Gréige don bhliain 2007


D'ainneoin an dul chun cinn seo, áfach, bhí tragóid agus angar ann freisin. Ón mbliain 2000 i leith, tugadh tuairisc don Údarás ar bhreis is 605 bhás san ionad oibre agus ar bhreis is 70,000 gortú ar cailleadh breis is trí lá oibre ina leith. Ní tragóidí pearsanta iad seo amháin ach is caillteanais mhóra iad freisin do theaghlaigh agus do chomhphobail. Mar bharr ar an tionchar mothúcháin ar dhaoine aonair agus ar a dteaghlaigh, bíonn tionchar freisin ar an ngnó, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Meastar gur tharla breis is 64,000 gortú in ionaid oibre in Éirinn sa bhliain 2007 amháin, chomh maith le 59,000 galar breise a bhí bainteach leis an obair.

Gach lá gortaíodh timpeall is 150 duine go dona nó tháinig galar trom orthu de bharr a gcuid oibre. Ar an gceann caol de, cosnaíonn na teipeanna seo €3.3 bhilliún in aghaidh na bliana ar an ngeilleagar.

In Éirinn, faigheann 7,500 duine bás ar an meán in aghaidh na bliana de bharr ailse; d'fhéadfaí 300 de na básanna seo a chur síos don ionad oibre. Tá an figiúr seo bunaithe ar mheastachán caol go mbaineann 4% d'ailsí leis an obair (Doll agus Peto, 1981). Thar an tréimhse 1994 go dtí 2007, cláraíodh 308 méisitéilióma urchóideach sa Chlárlann Náisiúnta Ailse. Meastar go mbaineann an chuid is mó de na hailsí seo go díreach le risíocht cheirde go m'bfhéidir gur tharla sí 20 go dtí 40 bliain roimhe sin nó níos déanaí. Cláraíodh 22 mhéisitéilióma urchóideach in aghaidh na bliana thar an tréimhse seo.

Sa bhliain 2008, ghlac an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) le breis is 400 éileamh galair cheirde. Strus bainteach leis an obair a bhí ina chúis leis an méid éileamh is mó, sin 206 éileamh. Bhain 41 éileamh le teannáiníteas, bhain 34 éileamh le himní/dúlagar agus bhain 33 éileamh le heachma/deirmitíteas. Is soiléir gur gá feabhas a chur ar an scéal fós.

## Figiúr 3: Rátaí marfacha oibrí 2007 (Eurostat)




Ráta in aghaidh 100,000 oibrí

## 2.1 An Geilleagar agus an tSábháilteacht agus Sláinte

Bíonn tionchar mór ag an ngníomhaíocht gheilleagrach agus ag rátaí fostaíochta ar thorthaí sábháilteachta agus sláinte. Is minic go mbaineann rátaí ardaithe gortuithe agus básanna ag an obair le hardghníomhaíocht eacnamaíoch agus le méadú ar fhostaíocht. Le blianta beaga anuas, d'éirigh leis an Údarás, i measc rudaí tábhachtacha eile, i rith na mblianta rátaí fáis arda, laghdú suntasach a bhaint amach maidir le rátaí marfacha agus na rátaí gortaithe céanna a chosaint nó laghdú beag a bhaint amach ina leith. Mar a bhíothas ag súil leis, tháinig laghdú le déanaí ar líon agus ar ráta na mbásanna agus na ngortuithe araon, rud a léiríonn laghduithe ar an ngníomhaíocht gheilleagrach agus ar an bhfostaíocht.

Nuair a thagann deireadh le meathlú, is dócha go mbeidh méadú ar fhostaíocht níos lú ná fás ar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Caithfidh an tÚdarás a bheith i riocht an t-eolas, an chomhairle agus an tacaíocht is gá a thabhairt d'fhostóirí chun a chinntiú nach dtiocfaidh méadú ar bhásanna agus ar ghortuithe nuair a thiocfaidh méadú arís ar fhás eacnamaíoch agus ar fhostaíocht.

Taispeánadh i suirbhé tuairimí a rinneadh le déanaí ar an tsábháilteacht agus ar an tsláinte cheirde ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair, go gceapann 60% de fhreagróirí in Éirinn go bhféadfadh dálaí sábháilteachta agus sláinte ag an obair dul in olcas de bharr na géarchéime geilleagraí.



# 3. Ár Straitéis

Ullmhaíodh ár straitéis agus aird chuí á tabhairt ar dhualgais dhlíthiúla an Údaráis; straitéis an AE um shábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair; an straitéis náisiúnta agus Eorpach maidir le hábhair cheimiceacha; agus treochtaí agus cleachtais idirnáisiúnta. Dírítear sa straitéis seo ar an bhfianaise an-láidir go bhfuil ceisteanna sláinte, síceolaíochta agus sóisialta san ionad oibre ag éirí níos tábhachtaí mar chuid dár saolta oibre.

Sa doiciméad seo tugaimid forbhreathnú ar an straitéis againn agus ar a príomhghnéithe. Tugaimid mionchuntas ar an bhfís agus ar an misean againn. Sonraímid na torthaí a dtabharfaimid tréaniarracht orthu agus na spriocanna, chomh maith lena straitéisí tacaíochta, a úsáidfimid chun na torthaí sin a bhaint amach. Sainmhínímid na luachanna eagraíochtúla a thacaíonn lenár gcuid oibre. Eascraíonn siad seo go léir as an tuairim láidir againn nach féidir athruithe iompraíochta marthanacha a bhaint amach ach amháin trí dhaoine a spreagadh agus tionchar a imirt orthu.

Straitéis ardleibhéil is ea an straitéis seo a chuirfear i gcrích trí chláir oibre bhliantúla, cláir a fhorbróimid féin. Leagfar amach sna cláir bhliantúla na príomhghníomhaíochtaí a bheidh ag teastáil chun na spriocanna straitéiseacha a chur i gcrích agus cuirfear faoi bhráid an Aire Gnóthaí Saothair iad chun glacadh leo. Tabharfar tuairisc don Aire gach trí mhí ar dhul chun cinn an chláir oibre.

Agus an straitéis á forbairt againn, chuamar i gcomhairle go fairsing lenár bhfoireann agus lenár gcomhpháirtithe seachtracha trí shraith cruinnithe agus trí aighneachtaí a cuireadh isteach tríd an suíomh gréasáin againn. Thángamar le chéile le grúpaí fostóra, le heagraíochtaí ionadaí na bhfostaithe, le coistí comhairliúcháin, le ranna rialtais, le comhlachtaí earnála poiblí agus le grúpaí tionscail. I rith an phróisis chomhairliúcháin tacaíodh go láidir lenár gcur chuige agus lenár n-iarrachtaí leanúnacha chun sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a fheabhsú.



## 3.1 Achoimre Fheidhmeach

**Fís Náisiúnta**

Cultúr náisiúnta ina mbeidh cách tiomanta don tsábháilteacht agus don tsláinte ar na hionaid oibre agus do bhainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach

**Torthaí**

- Feasacht mhéadaithe agus eolas méadaithe sábháilteachta agus sláinte
- Ionaid oibre shlána shláintiúla a chuireann ar chumas na ngnóthas bheith rathúil
- Laghdú ar an ráta básanna atá bainteach leis an obair
- Laghdú ar an ráta cásanna drochshláinte atá bainteach leis an obair
- Laghdú ar ráta na ngortuithe atá bainteach leis an obair
- Úsáid shlán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach

**Sábháilteacht** | **Sláinte agus Leas** | **Bainistiú na n-ábhar ceimiceach**

Acmhainní a chothromú trasna na n-earnálacha

- Sprioc: Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile priacail a laghdú
- Sprioc: Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte
- Sprioc: Reachtaíocht agus polasaithe chuí a thionscnamh agus a fhorbairt
- Sprioc: Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgais a thabhairt chun cuntais
- Sprioc: Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn
- Sprioc: Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead

**Catagóirí Fostóirí/ Fostaithe** | **Leithdháileadh Acmhainní bunaithe ar Ghrádú Priacail** | **Comh-pháirtíochtaí** | **Simpliú an Chomhlíonta**

*Téamaí Leathana*

## 3.2 Fís

Seo a leanas fís an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

*Cultúr náisiúnta ina mbeidh cách tiomanta don tsábháilteacht agus don tsláinte ar na hionaid oibre agus do bhainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach.*

## 3.3 Torthaí Tairbhiúla

Bainfidh na torthaí tairbhiúla seo a leanas lenár bhfís a bhaint amach:

- Feasacht mhéadaithe agus eolas méadaithe sábháilteachta agus sláinte.
- Ionaid oibre shlána shláintiúla a chuireann ar chumas na ngnóthas bheith rathúil.
- Laghdú ar ráta na mbásanna atá bainteach leis an obair.
- Laghdú ar ráta na gcásanna drochshláinte atá bainteach leis an obair.
- Laghdú ar ráta na ngortuithe atá bainteach leis an obair.
- Úsáid shlán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach.

Bainfidh roinnt buntáistí indíreacha leis seo:

- Cáilíocht beatha fheabhsaithe trí laghdú ar ghortuithe agus ar dhrochshláinte atá bainteach leis an obair.
- Buntáiste eacnamaíoch do ghnóthais trí tháirgiúlacht mhéadaithe agus trí chostais laghdaithe (lena n-áirítear laghduithe árachais, laghdú ar asláithreacht).

Déanfaimid monatóireacht ar staitisticí gortaithe agus galair maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde chun an dul chun cinn a thomhas maidir lenár spriocanna a chomhlíonadh. Is táscairí chun deiridh iad seo, áfach, a bhfuil luach theoranta acu maidir le rath na gclár difriúil a mheas. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag ár ngníomhaíochtaí ar rátaí gortaithe agus galair ach cuireann raon tosca eile isteach orthu freisin mar athruithe ar rátaí fostaíochta, gníomhaíocht eacnamaíoch earnála, teicneolaíocht agus fiú tosca atá bainteach leis an aimsir. Forbróimid, mar chuid de na cláir oibre bhliantúla againn, roinnt beart ionchuir, aschurtha agus toraidh le haghaidh príomhchlár, chun a bheith ábalta measúnú leanúnach a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is a dhéanfaimid ár spriocanna a chomhlíonadh.

## 3.4 Misean na hEagraíochta

Is é misean an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

*Tionchar a imirt ar athruithe iompraíochta na bhfostóirí agus na bhfostaithe ionas go mbeidh siad ábalta:*

- *gortú agus drochshláinte a eascróidh as ghníomhaíocht oibre a chosc, agus*
- *sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint trí bhainistiú fónta agus úsáid shábháilte na n-ábhar ceimiceach.*

## 3.5 Luachanna Eagraíochtúla

Chomh maith leis an straitéis seo, d'fhorbraíomar sraith luachanna eagraíochtúla freisin. Creidimid go gcabhróidh na luachanna seo linn chun ár straitéis a chur i gcrích. Iompróidh an fhoireann againn i slí a thaispeánfaidh a gealltanas do luachanna an Údaráis. Tacóidh na luachanna seo a leanas lenár ngníomhaíochtaí agus lenár gcinntí go léir:

- Gealltanas do chustaiméirí.
- Fabhar a dhéanamh ar ár ndaoine.
- Ionracas.
- Freagracht.
- Cáilíocht agus feabhsú leanúnach.
- Luas, gastacht agus nuálaíocht.

# 4. Spriocanna Straitéiseacha agus Straitéisí

## 4.1 Cur Chuige Ginearálta

Creidimid gurb é an cur chuige is fearr chun athrú iompraíochta a bhaint amach ná trí eolas ginearálta sainiúil/chomhairle ghinearálta shainiúil a chur ar fáil agus trí fhorfheidhmiú. Dírímid cuid mhór iarrachta ar réimsí ardphriacail aitheanta a chur in iúl d'fhostóirí agus ar spreagadh a thabhairt dóibh chun córais agus próisis a chur i ngníomh a chuirfidh deireadh le priacal nó a dhéanfaidh laghdú air.


Dírímid ár n-acmhainní ar na hearnálacha agus ar na gníomhaíochtaí:

- Lena mbaineann na priacail báis, gortaithe nó drochshláinte is airde.
- Lena mbaineann feasacht agus gealltanas na bhfostóirí is laige.
- Inar féidir linn an toradh is fearr a bhaint amach.

Cuirtear béim níos mó mar chuid den chur chuige seo ar na hearnálacha agus ar na fostóirí lena mbaineann priacal níos airde agus comhlíonadh ginearálta níos ísle de réir fianaise.

Oibrímid i raon comhpháirtithe le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn, le comhlachtaí poiblí, le heagraíochtaí sláinte agus sábháilteachta agus le rialtóirí eile chun gealltanas agus freagracht a spreagadh, agus freisin chun a mhór a dhéanamh dár n-acmhainní trí thionchar a imirt ar fhostóirí agus ar fhostaithe. Ag brath ar an measúnú againn ar riachtanais na n-earnálacha ar leith, glacaimid meascáin chuí de mhúscailt feasachta, de dhaoine a chur ar an eolas, de threorú, de chomhairliú, agus, más gá sin, d'fhorfheidhmiú, chun cabhrú le fostóirí ionaid oibre shlána shláintiúla a chur ar fáil (*féach Figiúr 4 thíos* ).

### Figiúr 4: Ár gcur chuige chun athrú iompraíochta a bhaint amach



Déanaimid measúnú ar éifeachtacht ár gcuir chuige trí shuirbhéanna custaiméara. Déanaimid taighde freisin agus cuirimid an taighde seo i gcomparáid chun a chinntiú go ndéantar ceisteanna a aithint atá ag teacht chun cinn agus go gcuirtear straitéisí cuí chun feidhme maidir le guaiseacha aitheanta san ionad oibre.

Aithnímid go bhféadfadh roinnt fostóirí airgead a choigilt sa ghearrthéarma, sa timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair, trí infheistíocht sa tsábháilteacht agus sa tsláinte a laghdú. D'fhéadfadh sé seo bheith ina chúis le rataí méadaithe báis agus gortaithe agus le caillteanais shuntasacha táirgiúlachta. Is dócha, áfach, go ndéanfaidh laghduithe ghinearálta ar rátaí gortaithe a eascróidh as ghníomhaíocht laghdaithe eacnamaíoch na rátaí méadaithe seo a chúiteamh. Caithfimid pleanáil don atosú ar an bhfás eacnamaíoch. Tá a fhios againn gurb é nádúr na rátaí fáis athnuaite a bheith ina chúis le méadú ar rátaí gortaithe. Tagann sé seo ó neartú na gníomhaíochta oibre i rith na céime athshlánaithe agus oibrithe le taithí níos lú acu a fhostú ina dhiaidh sin.

Díreoimid ár n-iarrachtaí, dá bhrí sin, ar fhostóirí a spreagadh agus cabhrú leo a ngealltanas a chaomhnú agus é a mhéadú, agus, más gá sin, ár gcumhachtaí forfheidhmithe a úsáid chun sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a chosaint.

Oibríonn an tÚdarás i dtrí réimse ar leith:


- Sábháilteacht san ionad oibre.
- Sláinte cheirde agus leas ceirde.
- Bainistiú na n-ábhar ceimiceach.

Ar dtús, bhí an tsábháilteacht san ionad oibre i gceartlár ár gcuid oibre. Tá forbairt mhaith déanta ar na straitéisí agus ar na próisis againn sa réimse seo. I gcomparáid leis seo, tá níos lú forbartha déanta ar na straitéisí agus ar na próisis againn i mbainistiú na n-ábhar ceimiceach, réimse réasúnta nua é seo dúinn. Is í an tsláinte cheirde an réimse oibre is lú forbartha againn, d'ainneoin tábhacht mhéadaithe an ghalair cheirde mar chúis na hasláithreachta ionaid oibre.

Tá sé mar chuspóir ag an straitéis againn, i measc nithe eile, forbairt níos mó a dhéanamh ar bhainistiú na n-ábhar ceimiceach agus na sláinte ceirde. Baineann sé le hábhar go háirithe béim a chur ar bhainistiú na n-ábhar ceimiceach. Sa bhliain 2007, cuireadh an Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) de chuid an AE i bhfeidhm ag an Rialtas, chomh maith le sleachta reachtaíochta ceimiceán eile, trí reachtaíocht phríomhúil nua, an tAcht Ceimiceán 2008. Ceapadh an tÚdarás mar Údarás Inniúil chun REACH a chur i bhfeidhm agus dáileadh acmhainní breise air ag an rialtas.

Taispeántar i *bhFigiúr 5* céimeanna forbartha na dtrí réimse seo.

## Figiúr 5: Céimeanna forbartha



## 4.2 Spriocanna Ginearálta

D'aithníomar sé sprioc straitéiseacha a chabhróidh linn chun ár bhfís agus ár misean a bhaint amach. Thar tréimhse trí bliana na straitéise, oibreoimid lenár bpáirtithe leasmhara go léir chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach. Leagfar amach sa chlár oibre bliantúil againn na cláir agus na gníomhaíochtaí ar leith a chuirfimid i ngníomh chun tacú leis na spriocanna seo.

### Ár spriocanna:

- Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú.
- Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas.
- Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht agus polasaithe chuí a thionscnamh agus a fhorbairt.
- Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais.
- Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn.
- Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead.

# 5. Straitéisí Chun Tacú le Cur i gCrích ár bPríomhspriocanna

## *5.1 Sprioc: Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú*

Is é ár gcur chuige sa chás seo tacú le fostóirí, le fostaithe agus le daoine eile trí chomhairle, treoir agus eolas a chur ar fáil atá oiriúnach don ghrúpa ar leith, ar féidir iad a rochtain go fonnmhar agus atá éasca a thuiscint. Déanfaimid iarracht riachtanais uathúla gach sealbhóra a léiriú agus úsáid á baint againn as raon iomlán na n-uirlisí cumarsáide agus eolais atá ar fáil.

**Straitéis: Cláir oibre a fhorbairt agus tosaíocht a thabhairt dóibh**

Déanfaimid é seo:

- Trína chinntiú go bhfuil struchtúir agus próisis i ngníomh chun a chur ar ár gcumas priacail nua agus priacail atá ag dul i méid a aithint.
- Trí straitéisí a chur chun cinn san ionad oibre a chuireann le sláinte na bhfostaithe.
- Trí bhearta ar leith a fhorbairt nuair a bhíonn nasc díreach ann idir an obair, an asláithreacht agus sláinte na bhfostaithe.
- Trí bhéim níos mó a chur ar an réimse iompair agus ar an réimse cúram sláinte.
- Trína chinntiú go dtugtar aird leordhóthanach don chosc i réimsí na ndugaí, na nguaiseacha dóiteáin agus an fhaireacháin mhargaidh.
- Trí chláir oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar phríomhghuaiseacha.

**Straitéis: Tacú le fostóirí, le fostaithe agus le lucht dualgais eile chun déileáil leis an tsábháilteacht, an tsláinte agus an leas san ionad oibre agus chun iad a thuiscint**

Déanfaimid é seo:

- Trí chur i bhfeidhm na gcóras bainistíochta éifeachtach um shábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn agus a spreagadh in eagraíochtaí.
- Trína chinntiú go bhfuil rochtain ag fostóirí agus ag lucht dualgais eile ar eolas agus ar threoir uileghabhálach ar féidir iad a thuiscint go héasca, le haghaidh earnálacha agus guaiseacha ardphriacail, agus ar na príomhdhualgais a eascraíonn as an reachtaíocht.
- Trí eolas inrochtana, costéifeachtach atá oiriúnach dá riachtanais a thabhairt d'fhostóirí agus dóibh siúd i gceannas ar ionaid oibre.
- Trí inniúlacht na bhfostóirí a fheabhsú agus iad ag déileáil le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre.
- Trí thacú le fostóirí a thaispeánann go bhfuil siad ar bior chun cleachtais sábháilteachta agus sláinte a chur i bhfeidhm a thugann tosaíocht don chosc, trí chás-staidéir a fhorbairt agus a fhoilsiú.
- Trí thacaíochtaí speisialta a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus do dhaoine féin-fhostaithe a dhíreoidh ar a riachtanais sábháilteachta, sláinte agus leasa.
- Trí shraith clár a bhunú, i gcomhar le daoine eile, ar féidir a chur ar fáil ar láthair (mar shampla, trí theicneolaíocht ríomhfhoghlama) agus é mar chuspóir ag na cláir seo a chinntiú gur féidir le fostaithe a thaispeáint go dtuigeann siad a bhfreagrachtaí aonair.

## *5.1 Sprioc*

*Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú*

### Straitéis: Fostóirí a spreagadh agus a chur ar a gcumas díriú ar cheisteanna sláinte ceirde mar aon le sábháilteacht

Déanfaimid é seo:

- Trí uirlisí a fhorbairt le haghaidh fostóirí a chuirfidh ar a gcumas priacail sláinte ceirde a aithint agus bearta rialaithe cuí a fhorbairt.
- Trí thacaíocht a chur ar fáil ar an láthair trí thionscnaimh speisialta a dhéanann iarracht an méid cásanna de ghalar ceirde a laghdú.
- Trí cheisteanna suntasacha a aithint ar cúis le galar ceirde iad i ngach earnáil, agus trí dhíriú ar na ceisteanna seo in éineacht lenár bpríomhchomhpháirtithe.

### Straitéis: Nithe a chur in iúl go héifeachtach agus go cuí

Déanfaimid é seo:

- Tríd an t-eolas cuí a chur i láthair ionas go mbeidh sé inrochtana agus go gcomhlíonfaidh sé riachtanais na ndaoine ar mhaith linn teagmháil a dhéanamh leo.
- Trí eolas soiléir agus achomair a chur ar fáil i gcónaí.
- Trí aiseolas a iarraidh go rialta ar cháilíocht an eolais a chuirimid ar fáil agus trí mheasúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht.



## *5.2 Sprioc: Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas – eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, tráchtála agus seachbhrabúsacha*

Dírítear mar chuid den sprioc seo ar roinnt páirtithe leasmhara a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar leas. Áirítear leo siúd: fostóirí agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, fostaithe agus a gceardchumainn, an rialtas, cáiníocóirí, mic léinn a bheidh ag obair sa todhchaí, agus eagraíochtaí poiblí, gairmiúla agus deonacha, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRnna).

Is é is mian linn a bhaint amach maidir leis an sprioc seo ná go n-aithneoidh na grúpaí go léir thuas na buntáistí a leanfaidh ó ghníomhaíocht mhéadaithe chun sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre a fheabhsú, agus go nglacfaidh siad páirt réamhghníomhach sa ghníomhaíocht seo dá bhrí sin. Chomh maith leis na straitéisí ar leith atá leagtha amach thíos, cinnteoimid go ndéanfaidh ábhar agus formáid seachadta ár n-uirlisí cumarsáide seachtracha go léir daoine a spreagadh.

### Straitéis: Tionchar a imirt ar cheannairí agus orthu siúd ar féidir leo athrú a chur i gcrích agus tacú leis freisin

Déanfaimid é seo:

- Trí obair a dhéanamh le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí poiblí eile a bhfuil tionchar acu ar shábháilteacht agus ar shláinte na n-oibrithe, agus orthu siúd a bhfuil tionchar ag an ngníomhaíocht oibre orthu.
- Trí chás na hinfheistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde a chur i láthair, le béim curtha ar na torthaí fadtéarmacha tairbhiúla do ghnóthais, don tsochaí, don Stát agus don gheilleagar.
- Trí thaighde a dhéanamh agus é a chur i gcomparáid leis an taighde atá ann cheana féin, a thugann seans do ghnóthais costais a laghdú trí dhea-chóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm.
- Trí athnuachan a dhéanamh ar an bhfeachtas againn ar théama fhreagrachtaí na stiúrthóirí chun cabhrú, go háirithe, leo siúd a bhfuil a ngnóthas beag féin acu agus á bhainistiú acu, agus trí thacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil trí uirlisí, trí sheisiúin threoracha agus trí sheimineáir.
- Trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt le ballstáit eile den AE a bhfuil leasanna comhchosúla acu.
- Trí fheasacht náisiúnta a mhúscailt maidir le torthaí, go háirithe torthaí dearfacha agus trí thorthaí a chur i láthair ag deireadh na bliana, a chuireann béim láidir ar luach ar airgead agus ar thionchar.
- Trí dhul chun cinn na hÉireann, lena n-áirítear rátaí báis agus gortaithe/galair, a chur i gcomparáid le tíortha den AE a bhfuil caighdeáin chomhchosúla acu.

### Straitéis: Comhpháirtíochtaí a úsáid chun ár gcumas a fheabhsú maidir le tionchar a imirt ar fhostóirí, ar fhostaithe agus ar dhaoine eile


Déanfaimid é seo:

- Trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile, lena n-áirítear na gníomhaireachtaí a bhfuil ról forbartha fiontraíochta nó tacaíochta acu, chun a bheith ábalta tacaíochtaí comhtháite éifeachtacha a chur ar fáil maidir le sábháilteacht agus sláinte.

## 5.2 Sprioc

*Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas – eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, tráchtála agus seachbhrabúsacha*

- Trí phríomh-fhochoistí comhairliúcháin an Údaráis agus príomh-fhochoistí an Bhoird a bhainistiú go leanúnach ar lorg méaduithe leanúnacha do na hearnálacha agus do na réigiúin ábhartha.
- Trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí, comhpháirtíochtaí bunaithe agus comhpháirtíochtaí nua araon, a bhfuil a gcuid oibre mar chomhlánú ar an gclár gnó againn maidir le dea-fheidhmíocht sábháilteachta agus sláinte.
- Trí chomhpháirtíochtaí agus trí struchtúir atá ann cheana féin a mheas, na comhpháirtíochtaí agus na struchtúir a neartú a bhaineann torthaí inmheasta leo agus deireadh a chur leo siúd a bhfuil a gcuid oibre críochnaithe acu.
- Trí fhaisnéis, a bailíodh i rith na gclár iniúchta againn, a roinnt le grúpaí comhpháirtíochta ábhartha chun freagrachtaí earnála a chur chun cinn agus chun díriú ar cheisteanna a bhaineann leis na hearnálacha difriúla.
- Trí obair a dhéanamh le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn agus le soláthraithe oiliúna chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint d'ardchaighdeán ar fáil a chinntíonn inniúlacht réadach sa tsábháilteacht agus sa tsláinte ar leibhéal an ionaid oibre.



### Straitéis: Béim níos mó a chur ar shláinte cheirde

Déanfaimid é seo:

- Tríd an misean againn sa réimse seo a chur chun cinn: sláinte na n-oibrithe a chosaint ar aon ghuaiseacha atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn a bhaineann leis an obair, agus cleachtais ionaid oibre a spreagadh a chuireann dea-shláinte chun cinn.
- Trí ghnóthais a threorú, trí chumarsáid éifeachtach, chun an méid a chuireann sláinte san ionad oibre le cosaint a n-oibrithe agus le rath na heagraíochta acu a thuiscint.
- Trí uirlisí simplí agus ábhair tacaíochta a chur ar fáil d'eagraíochtaí chun a chur ar a gcumas díriú ar an tsláinte san ionad oibre.
- Trí dhul i mbun feachtais feasachta ghinearálta mharthanaigh maidir leis an gcaidreamh dearfach idir an tsláinte agus an obair, agus maidir le hoibrithe a chosaint ar an drochshláinte atá bainteach leis an obair.
- Trí dhea-chothromaíocht a chinntiú sna hiniúchtaí againn idir ceisteanna sláinte agus ceisteanna sábháilteachta.

## 5.2 Sprioc

*Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas – eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, tráchtála agus seachbhrabúsacha*

**Straitéis: Díriú ar chur chun cinn agus ar eolas sábháilteachta agus sláinte**

Déanfaimid é seo:

- Trí dhíriú ar thionscnaimh choisctheacha sna hearnálacha le hardleibhéil timpistí, drochshláinte agus teagmhas aga dhíomhaoin.
- Trí eolas agus cur chun cinn marthanach a chinntiú chun díriú ar mhórghuaiseacha sábháilteachta agus sláinte.
- Trí fhorbairt a dhéanamh ar an obair againn leis an gcóras oideachais chun tionchar níos leithne a bhaint amach, go háirithe ag an tríú leibhéal agus ag bunleibhéal; trí leanúint lenár gcuid oibre chun an tsábháilteacht agus an tsláinte a chur ar fáil ag gach leibhéal mar chuid den churaclam oideachais príomhshrutha.
- Trí dheonacháin a aithint a d'fhéadfaí a fháil ó eagraíochtaí stát-mhaoinithe agus deonacha i leith chlár gnó sábháilteachta agus sláinte, chomh maith le struchtúir atá ann cheana féin a bhfuil cuspóir sábháilteachta agus sláinte acu san ionad oibre (mar shampla, comhpháirtíochtaí sábháilteachta agus sláinte atá ann cheana féin).



- Trí athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh, i gcomhar le daoine eile, ar chreat reatha na gcúrsaí oiliúna creidiúnaithe atá ann faoi láthair sa réimse sábháilteachta agus sláinte; trí chaighdeán cuí a aithint le haghaidh cúrsa nua chreidiúnaithe dheonaigh maidir le feasacht ghinearálta agus le cleachtas sábháilteachta agus sláinte ceirde.

**Straitéis: Fostóirí a spreagadh chun príomhthionscnaimh choisctheacha a chur i bhfeidhm ar leibhéal an láithreáin**

Déanfaimid é seo:

- Trí dhul i bpáirtíocht le heagraíochtaí deonacha chun tionscadail speisialta a fhorbairt ar féidir leo a thaispeáint go bhféadfadh siad laghdú mór a bhaint amach maidir le gortú nó le drochshláinte na n-oibrithe.
- Trí bhainisteoirí líne a spreagadh chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh ina réimsí féin maidir le sábháilteacht agus le sláinte fheabhsaithe a bhaint amach d'oibrithe, rud a chuirfidh le táirgiúlacht mhéadaithe dá bhrí sin.

## 5.2 Sprioc

*Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas – eagraíochtaí príobháideacha agus earnála poiblí, tráchtála agus seachbhrabúsacha*

- Trí aitheantas a thabhairt don rath ar leibhéal gnóthais trí bhéim a chur ar chás-staidéir shuntasacha a aithníodh i rith an phróisis iniúchta agus trí na cás-staidéir seo a chur chun cinn.
- Trí dhea-choimeád taifead a chur chun cinn chun cabhrú le réimsí a aithint ar gá feabhas a chur orthu agus chun tuairisc a choimeád ar an dul chun cinn mar phríomhchuid de chórais bainistíochta sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre.

**Straitéis: Oibrithe agus oibrithe todhchaí a bheith páirteach ann**

Déanfaimid é seo:

- Trí fheachtais a thabhairt isteach agus iad a choinneáil ar bun chun tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas na n-oibrithe, agus na feachtais seo a úsáid chun a bhfreagrachtaí a chur i gcuimhne d'fhostaithe agus chun a dtacaíocht a fháil le haghaidh ionad oibre níos sábháilte dóibh féin agus dá gcomhghleacaithe.



- Trí dhul chun comhrá le hoibrithe, le ceardchumainn agus le comhlachtaí fostóirí chun spreagadh a thabhairt d'fhostaithe páirt a ghlacadh sa tsábháilteacht agus sa tsláinte san ionad oibre.
- Trí thacaíocht a chur leis an teachtaireacht againn maidir le haird agus cúram d'oibrithe aonair.
- Trí thionscnaimh oibrithe a spreagadh agus a chur chun cinn chun páirt a ghlacadh i bhforálacha sábháilteachta agus sláinte agus chun cloí leo, agus chun cosc a chur ar thimpistí agus ar an drochshláinte in ionaid oibre na n-oibrithe seo.
- Trí chur chun cinn níos mó a dhéanamh ar an ról againn maidir le cosaint oibrithe agus le laghdú ar an tionchar diúltach ginearálta a bhíonn ag an drochbhainistíocht sábháilteachta agus sláinte ar an tsochaí.
- Trí mhic léinn a spreagadh chun eolas níos mó a bheith acu ar an dea-chleachtas sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre agus chun ullmhú breise a dhéanamh dó.
- Trí uirlisí éifeachtacha a fhorbairt go leanúnach, ag úsáid teicneolaíochtaí nua, chun sábháilteacht agus sláinte a chur chun cinn san ionad oibre le haghaidh daoine óga agus chun na cainéil chuí a roghnú a mbeidh an tionchar is fearr acu ar na haoisghrúpaí seo.

## *5.3 Sprioc: Tacú leis an Aire Fiontar, Tráchtála agus Fostaíochta maidir le reachtaíocht agus polasaithe chuí a thionscnamh agus a fhorbairt*

Is í an straitéis atá againn cabhrú leis an Aire a chinntiú go gcosnaítear sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe agus daoine eile go leordhóthanach faoin reachtaíocht atá ann cheana féin, agus go gcosnaítear daoine agus an comhshaol ar thorthaí diúltacha na n-ábhar ceimiceach. Oibreoimid chun a chinntiú go n-íoslaghdófar éilimh riaracháin ar bith chun a bheith ar aon dul le cosaint oibrithe a chinntiú.

**Straitéis: Tograí reachtacha a dhéanamh leis an Aire chun sábháilteacht, sláinte agus leas na n-oibrithe a chosaint agus chun daoine agus an comhshaol a chosaint ar thorthaí diúltacha na n-ábhar ceimiceach**

Déanfaimid é seo:

- Trí chosaint na n-oibrithe a chur chun tosaigh agus riachtanais nua náisiúnta a choimeád chomh híseal agus is gá.
- Trí phrionsabail na rialála is fearr a chur san áireamh, lena n-áirítear éilimh neamhriachtanacha a sheachaint.
- Trí obair a dhéanamh chun tacú le comhdhlúthú na reachtaíochta atá ann cheana féin.
- Trí athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte as dáta nó iomarcaíochta agus trí thogra a dhéanamh más gá sin chun an reachtaíocht seo a aisghairm agus/nó chun reachtaíocht nua a thabhairt isteach ina hionad.

**Straitéis: Nuair a bhíonn cúis le hidirghabháil rialála, tograí reachtacha a fhorbairt a chuirfear faoi bhráid an Aire, tograí atá soiléir, comhréireach agus éifeachtach**

Déanfaimid é seo:

- Trí chomhairliúchán éifeachtach a chinntiú le páirtithe lena mbaineann.
- Trí Anailís ar Thionchar Rialála thráthúil eolach a dhéanamh ar thograí reachtacha nua agus ar na forálacha reachtacha atá ann cheana féin.

**Straitéis: Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim AE chun a chinntiú go bhfeidhmítear go hinniúil ar son na hÉireann**

Déanfaimid é seo:

- Trí leasanna na n-oibrithe, na ngnóthas beag agus na micrea-ghnóthas a chur san áireamh.
- Trí chabhrú leis an Aire, más cuí sin, feidhmiú ar son tograí reachtacha na hÉireann.
- Trí chur le forbairt tograí reachtacha agus polasaithe an AE, go háirithe maidir le REACH agus le rangú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán.
- Trí chabhrú leis an Aire, más gá sin, chun treoracha ón AE a thrasuí.
- Trí chur go réamhghníomhach le comhlíonadh na ndualgas idirnáisiúnta ábhartha ag Éirinn.

### *5.4 Sprioc: Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais*

Leanfaidh an tÚdarás de chláir iniúchta bhliantúla shonraithe a chur i bhfeidhm, mar cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil mar gheall ar na cláir seo:

- An táscaire is soiléire den chur chuige sábháilteachta agus sláinte agus de bhainistiú an chur chuige seo ar bhonn laethúil in ionaid oibre ar leith agus trasna earnálacha.
- Fostóirí agus fostaithe a spreagadh laistigh den ionad oibre.
- Tacaíocht d'fhostóirí, d'fhostaithe agus dá n-ionadaithe sábháilteachta ina n-iarrachtaí chun caighdeáin sábháilteachta agus sláinte ag an obair a fheabhsú.
- Gealltanas fostóirí agus fostaithe agus tacaíocht do na tionscnaimh eile a ghlacann an tÚdarás leo chun a chinntiú go ndírítear ar phriacail i slite atá bunaithe ar chosc agus atá inbhuanaithe san fhadtéarma.

Nuair a dhéantar iniúchadh ar ionaid oibre taispeántar go soiléir an bhfuil drochchaighdeáin fostóirí nó earnála i gceist. Nuair a aithnímid nach dtugtar aird ar dhualgais, cinnteoimid go ndéanfar lucht dualgais, lena n-áirítear fostóirí agus bainisteoirí agus fostaithe aonair a thabhairt chun cuntais agus go mbainfear na leibhéil comhlíonta riachtanacha amach.

Cosnaítear saolta agus sláinte na n-oibrithe agus tacaítear le rath nuair a dhéantar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh. Trína chinntiú go ndéanann cuideachtaí agus daoine aonair gach iarracht chun a bheith géilliúil, cuirtear cosc ar an mbuntáiste gearrthéarmach a lorg chun éadairbhe shábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe.

**Straitéis: Fócas earnála agus ábhair atá bunaithe ar phriacal a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear na réimsí, lena mbaineann an priacal is mó, chun tosaigh ó thaobh gníomhaíochtaí de, chun comhlíonadh a bhaint amach**

Déanfaimid é seo:

- Trí chláir iniúchta shonraithe a choinneáil ar bun ar fud na tíre atá oiriúnach do gach earnáil, dá bpriacail agus don leibhéal gníomhaíochta laistigh den earnáil.
- Trí acmhainní iniúchta a dháileadh ar earnálacha de réir táscairí aitheanta priacail: mar shampla, easpa córas bainistíochta sábháilteachta agus sláinte; ard-rátaí timpiste agus gortaithe; leibhéil ísle comhlíonta; ardleibhéil gearáin; úsáid na n-ábhar ceimiceach guaiseach, agus an t-eolas a fhaightear ónár gcláir iniúchta.
- Trí dhíriú níos mó ar phriacail sláinte agus ar na priacail a eascraíonn as úsáid ceimiceán agus trí na hacmhainní againn a dháileadh dá réir.
- Trí dhíriú níos mó ar an bhforfheidhmiú sna réimsí sin inar cuireadh treoir agus comhairle shuntasach ar fáil cheana féin ach ina bhfuil neamhchomhlíonadh ar siúl fós.
- Trí dhul i dteagmháil le comhlachtaí ionadaíocha earnála agus tacaíocht a lorg uathu nuair a dhéantar comhréimsí íseal comhlíonta a aithint.

## 5.4 Sprioc

*Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais*

- Trína shoiléiriú d'fhostóirí agus do dhaoine eile na caighdeáin a leanaimid agus iniúchtaí á ndéanamh againn ar ionaid oibre.
- Trí chláir iniúchta a chur i bhfeidhm chun priacail in earnálacha eacnamaíocha ar leith a mheas.

### Straitéis: Díriú ar ionaid oibre aonair ina bhfuil leibhéil íseal comhlíonta laistigh d'earnálacha ardphriacail

Déanfaimid é seo:

- Trí chomhoibriú le rialtóirí náisiúnta eile agus measúnú á dhéanamh ar leibhéil comhlíonta rialála na bhfostóirí agus cuir chuige chomhsheasmhacha á bhforbairt maidir le hiniúchadh agus le díriú ar iniúchtaí.
- Tríd an ghníomhaíocht iniúchta againn a chur chun tosaigh maidir leis na hearnálacha agus na fostóirí aonair a bhfuil súil leis go mbainfidh na leibhéil neamhchomhlíonta is airde leo, bunaithe ar fhianaise, ag úsáid táscairí mar gearáin, rátaí timpiste agus mura gcuirtear na fógraí is gá ar fáil.
- Trí thosaíocht a thabhairt d'iniúchadh breise ar na fostóirí sin lena mbaineann leibhéal comhlíonta níos ísle.
- Tríd an bunachar eolais fostóirí againn a leathnú trí thionscnaimh earnála agus príomhghuaiseacha, agus trí dhíriú níos mó ar phriacail sláinte agus ar na priacail a eascraíonn as úsáid na n-ábhar ceimiceach.
- Trí chomhlíonadh a mheas bunaithe ar bhearta leordhóthanacha rialaithe a bheith i ngníomh agus ar Phrionsabail Ghinearálta maidir le Cosc, atá leagtha amach i Sceideal 3 den Acht 2005, a bheith curtha chun feidhme go seasta.
- Trína chinntiú, sna hearnálacha ina ndearnadh comhlíonadh íseal a aithint, go n-úsáidfear an t-eolas againn maidir leis na cúiseanna mar bhunús do ghníomhaíochtaí breise coisctheacha.
- Trí fhoinsí eolais a lorg go réamhghníomhach maidir le gortú ceirde, le drochshláinte agus le bainistiú agus le húsáid na n-ábhar ceimiceach.
- Trí iniúchadh a dhéanamh ar thimpistí marfacha san ionad oibre agus ar thimpistí ceirde tosaíochta, lena n-áirítear mórscaoileadh na n-ábhar ceimiceach san ionad oibre.

### Straitéis: Barrbheart forfheidhmithe a úsáid chun comhlíonadh a chinntiú

Déanfaimid é seo:

- Trína chinntiú go bhfuil an cur chuige againn comhréireach agus teoranta maidir le lucht dualgais a thabhairt chun cuntais, nuair a thaifeadtar an neamhchomhlíonadh, agus trína chinntiú go gcuirtear san áireamh toilteanas comhlíonta an luchta dualgais agus a ghealltanas maidir leis seo.
- Trí dhíriú ar phriacail sábháilteachta agus sláinte aitheanta nach ndéantar iad a rialú.
- Trí bhearta forfheidhmithe a dhéanamh ina gcoinne siúd ar soiléir go bhfuil siad neamh-ghéilliúil.
- Trí stiúrthóirí, bainisteoirí agus oibrithe a thabhairt chun cuntais más cuí sin.

## *5.5 Sprioc: Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn*


An cuspóir ginearálta atá againn ná bainistiú fónta agus úsáid fhónta na n-ábhar ceimiceach a bhaint amach ionas go ndéanfar iad a tháirgeadh agus a úsáid i slite a dhéanann mórthionchair dhiúltacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú. Áireofar leis an straitéis againn maidir le bainistiú na n-ábhar ceimiceach, gníomhaíochtaí ábhartha ó gach ceann de na spriocanna eile atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Ó achtaíodh an tAcht Ceimiceán 2008, tá cúram i bhfad níos leithne againn ó shin i leith maidir le hábhair cheimiceacha. Ní amháin go bhfuil bearta ceirde i gcúram againn anois, ach tá gnéithe na cosanta comhshaoil agus tomhaltóirí i gcúram againn freisin, i gcomhpháirtíocht le daoine eile, a bhaineann le húsáid na n-ábhar ceimiceach agus le margaíocht táirgí ceimiceacha ar leibhéal náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Caithfear an méadú seo ar na dualgais againn a léiriú inár straitéisí.

### Straitéis: Tionchar a imirt ar reachtaíocht na n-ábhar ceimiceach agus polasaithe chuí a fhorbairt

Déanfaimid é seo:

- Trí na róil againn mar 'Údarás Inniúil' agus mar chomhordaitheoir a chomhlíonadh faoi:
  - an tAcht Ceimiceán 2008,
  - na Rialacháin um Shubstaintí agus Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú,
  - Rialacháin an AE um Rialú Guaiseacha Mórthimpistí (Seveso II),
  - Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Airm Cheimiceacha,
  - na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR),
  - na Rialacháin um Bhrú-Threalamh Iniompair.
- Trí ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn agus trí na torthaí is fearr a bhaint amach i gcoistí agus i ngrúpaí oibre ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh, ina ndéileáiltear le reachtaíocht na n-ábhar ceimiceach.



## 5.5 Sprioc

*Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn*

- Trí róil na mballstát agus na saineolaithe aonair a chomhlíonadh, a bhíonn ag teastáil ó choistí agus ó ghrúpaí oibre na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.
- Trí chomhairle a thabhairt don Aire, más gá sin, maidir lena bheith páirteach i gcoistí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus na Náisiún Aontaithe (NA) agus i ngrúpaí oibre.

### Straitéis: Glacadh le cur chuige atá bunaithe ar phriacal

Déanfaimid é seo:

- Trí na réimsí a aithint lena mbaineann an priacal is mó maidir le húsáid na n-ábhar ceimiceach agus trí dhíriú ar na réimsí seo le haghaidh gníomhaíochtaí leantacha.
- Trí chomhoibriú le comhlachtaí náisiúnta eile chun díriú go speisialta ar na hábhair cheimiceacha sin go bhfuil sé ar eolas go ndéanann siad dochar do shláinte an duine agus go leanann siad ar aghaidh sa chomhshaol.

### Straitéis: Gealltanas a spreagadh maidir le dea-chleachtas sa tsábháilteacht cheimiceach

Déanfaimid é seo:

- Trí chlár feasachta a fhorbairt a thugann eolas do ghnóthais, d'fhostaithe agus do thomhaltóirí ar conas ábhair cheimiceacha a bhainistiú, a láimhsiú agus a úsáid i gceart.
- Trí ábhar fógraíochta na n-ábhar ceimiceach a dhíriú ar earnálacha agus ar úsáideoirí ábhartha.
- Trí cheannaireacht a sholáthar maidir le ceisteanna ábhartha na n-ábhar ceimiceach ar leibhéal náisiúnta; trí chomhpháirtíochtaí a chothú i measc ár gcomhghleacaithe náisiúnta agus Eorpacha, agus é mar chuspóir acu sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus an riachtanas iomaíochais agus nuála a bheith ann freisin.
- Trí na buntáistí eacnamaíocha, sláinte agus comhshaoil a thaispeáint a bhaineann le reachtaíocht na n-ábhar ceimiceach a chomhlíonadh agus trí thorthaí an neamhchomhlíonta a thaispeáint.
- Trí thionscnaimh sábháilteachta na n-ábhar ceimiceach ar leibhéal an AE agus náisiúnta a chomhtháthú le tionscnaimh inbhuanaitheachta comhshaoil eile, chun a chinntiú go mbainfear buntáistí eacnamaíocha féideartha amach.

### Straitéis: Cur ar chumas fostóirí, fostaithe agus daoine eile ábhair cheimiceacha a bhainistiú agus a úsáid i slí shlán inbhuanaithe

Déanfaimid é seo:

- Trí obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí poiblí eile chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chinntiú maidir le húsáid acmhainní, agus le comhsheasmhacht chur chuige.
- Trí ghrúpa comhpháirtíochta na n-ábhar ceimiceach a bhunú (fostóirí, fostaithe, tomhaltóirí, ENRnna agus gníomhaireachtaí rialtais) chun bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach in Éirinn a aithint agus a chur chun cinn.
- Trí chláir oideachais agus taighde a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht, maidir le húsáid inbhuanaithe agus le bainistiú agus láimhsiú slán na n-ábhar ceimiceach.
- Trí chomhairle theicniúil agus eolaíoch a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí agus le tionscnaimh na n-ábhar ceimiceach atá ag teacht chun cinn, ar leibhéal náisiúnta agus AE.
- Trí chomhairle theicniúil agus eolaíoch a chur ar fáil maidir le pleanáil talamhúsáide le haghaidh mórláithreán nua guaiseacha timpiste agus le haghaidh forbairtí nua in aice na láithreán atá ann cheana féin.

### *5.6 Sprioc: Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead*

Cinnteoimid go mbainfidh ár gcláir go léir an luach ar airgead is fearr amach agus go mbeidh siad chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Chun é seo a chinntiú, díreoimid ar na réimsí seo a leanas:

**Straitéis: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a chinntiú agus ár spriocanna á gcur i gcrích againn**

Déanfaimid é seo:

- Trí éifeachtacht na bpríomhchlár a mheas agus trí thuairisc a thabhairt ar na hionchuir, ar na haschuir agus ar na tionchair ghaolmhara.
- Trí acmhainní a dhíriú ar na réimsí sin ina mbaineann an luach is mó le tuairisceáin, i gcoibhneas le caiteachas.
- Trí obair a dhéanamh chun an tionchar a íoslaghdú a bhíonn ag laghduithe caiteachais ar chláir agus ar an táirgiúlacht agus chun cothromaíocht leordhóthanach acmhainní a bhaint amach a bheidh riachtanach chun ár spriocanna a chur i bhfeidhm.
- Trína chinntiú go ndírítear agus go mbunaítear ár ngníomhaíochtaí go léir ar mheasúnú priacail, lena n-áirítear iniúchtaí agus cosc, agus go ndéantar a n-éifeachtacht a mheas.
- Tríd an cur chuige sonraithe againn maidir le hiniúchadh a bheachtú, chun a chinntiú go ndéanfar daoine neamh-ghéilliúla a aithint go tapa agus go ndéanfar beart chun an comhlíonadh a chinntiú.
- Trí chomhoibriú le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit eile agus seirbhísí comhroinnte éifeachtúla agus éifeachtacha á bhforbairt.
- Trí pholasaithe an rialtais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear polasaithe maidir le ríomhsheirbhísí an rialtais, leis an nGeilleagar Cliste agus le hathchóiriú na hearnála poiblí.
- Trí iniúchadh a dhéanamh ar chomhaontais a d'fhéadfaí a bhunú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile, nuair a chuirfidh sé seo lenár n-éifeachtúlacht agus lenár n-éifeachtacht.

**Straitéis: Seirbhís do chustaiméirí d'ardleibhéal a chur ar fáil dár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha**

Déanfaimid é seo:

- Trí aiseolas a lorg go rialta ónár gcustaiméirí agus tríd an tseirbhís a chuirimid ar fáil a bhunú ar a gcuid riachtanas.
- Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis againn agus iad a chuíchóiriú chun go mbeadh rochtain níos fearr ag ár gcustaiméirí orthu.
- Trí dhul i gcomhairle maidir le forbairtí straitéise nó rialála atá beartaithe.
- Trí thorthaí feidhmíochta agus leibhéil sásaimh a fhoilsiú go tréimhsiúil.
- Trí obair a dhéanamh lenár bhfoireann agus lena heagraíochtaí ionadaíocha chun a chinntiú go mbainfear an t-uasleibhéal éifeachtúlachtaí amach agus na seirbhísí againn á gcur i gcrích de réir ár luachanna.
- Trí chomhar tras-roinne agus obair bhuíne éifeachtach a chinntiú laistigh den Údarás.

## 5.6 Sprioc

*Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead*

- Trí inniúlacht na foirne againn a chaomhnú trí fhorbairt leanúnach ionas go mbeidh sí ábalta ardleibhéil seirbhíse a chur ar fáil.

**Straitéis: Dea-chleachtas a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go gcuirfear ardleibhéal seirbhíse ar fáil go seasta**

Déanfaimid é seo:

- Trí thimpeallacht oibre dhearfach agus shlán shláintiúil a chur ar fáil don fhoireann ar fad againn.
- Trí na próisis ghnó againn a fhorbairt ionas go gcuirfimid ardleibhéil seirbhíse ar fáil.



- Trína chinntiú go ndéantar iniúchtaí de réir 'Prionsabail Iniúchta' Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair de chuid an AE agus go ndéantar measúnú ar an gcigireacht againn go tréimhsiúil ó thaobh na bprionsabal seo de.
- Trí shármhaitheas i bpróisis acmhainní daonna a thaispeáint agus tríd an dámhachtain Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach go leanúnach ar leibhéal óir.
- Tríd an creidiúnú againn ón Customer Contact Association (CCA) a chothú a fuaireamar le haghaidh an Aonad Teagmhála Ionaid Oibre againn.
- Trína chinntiú go bhfuil córais eolais bainistíochta shlána, láidre agus éifeachtacha againn.
- Trí pholasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais a chothú agus a fhorbairt sna réimsí seo a leanas: iniúchadh, rochtain ar sheirbhísí, acmhainní daonna, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide agus an t-airgeadas.
- Trí chloí leis an gCód um Rialachas Corparáideach do Chomhlachtaí Stát-Tionscanta agus le Cód Caighdeán agus Iompair an Údaráis.

# 6. Téamaí Leathana

Ní spriocanna ar leith iad ár gcuid spriocanna, ach is spriocanna comhcheangailte iad. Léirítear cur chuige comhtháite iontu a chinntíonn go mbainfear an leas is mó as a gcuid torthaí, i rith shaolré na straitéise againn.

Baineann straitéisí le gach sprioc, straitéisí a n-athrófar chun a chinntiú go mbainfear na torthaí inmhianaithe amach agus chun a n-idirspleáchas a chur san áireamh. Chun an cur chuige comhtháite seo a dhaingniú maidir lenár spriocanna go léir, d'aithníomar roinnt téamaí leathana. Cuirfear gach straitéis i bhfeidhm agus na téamaí seo á gcur san áireamh.

Seo a leanas na téamaí leathana a d'aithníomar:

- Catagóirí Fostóirí/Fostaithe.
- Leithdháileadh Acmhainní Grádaithe de Réir Priacail.
- Comhpháirtíochtaí.
- Simpliú an Chomhlíonta.

### 1. Catagóirí Fostóirí/Fostaithe

Aithnímid go gcaithfear na dálaí is coitianta a chur san áireamh sna cuir chuige againn. Tá sé seo níos tábhachtaí fós de bharr an mheathlaithe, mar shampla, nuair nach mbíonn ach príomhchuspóir amháin ag mórchuid eagraíochtaí beaga, sé sin teacht slán as an meathlú. Ba chóir go gcuirfí le hobair na heagraíochta nuair a chuirfear ár gclár oibre i bhfeidhm. Cinnteoidh sé seo go gcosnófar sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe agus san am céanna nach gcuirfidh timpistí agus iamh-aga neamhphleanáilte isteach ar an ngnó.

Agus ár spriocanna á gcur i bhfeidhm againn, déanfaimid staidéar ar na dálaí, ar na próifílí priacail gaolmhara, ar na costais agus ar na buntáistí a bhaineann le catagóirí éagsúla **fostóirí**.

Seo a leanas na príomhchatagóirí fostóirí a dhéanfar staidéar orthu agus ár spriocanna go léir á gcur i bhfeidhm:

- Gnóthais bheaga agus micrea-ghnóthais.
- Daoine féinfhostaithe/trádálaithe aonair.
- Feirmeoirí.
- Cuideachtaí ilnáisiúnta.
- Meánchuideachtaí go cuideachtaí móra na hÉireann.
- Eagraíochtaí earnála poiblí.

Ar an gcuma chéanna, tá catagóirí **fostaithe** ann freisin a bhfuil éagsúlacht ag baint leis na riachtanais, leis an bpáirtíocht agus leis na próifílí priacail acu. Déanfar staidéar ar na catagóirí seo freisin agus ár spriocanna á gcur i bhfeidhm. Áireofar leis na catagóirí seo:

- Oibrithe pháirtaimseartha.
- Sealoibrithe (lena n-áirítear oibrithe oíche).
- Iontrálaithe nua sa lucht saothair (dearcadh priacail difriúil).
- Oibrithe i róil atá ríthábhachtach don tsábháilteacht.
- Spailpíní fánacha.
- Oibrithe a bhfuil riachtanais shealadacha sábháilteachta agus sláinte acu (mar shampla, mná atá ag iompair clainne, máithreacha a bhfuil leanbh cíche acu).
- Oibrithe faoi mhíchumas.
- Oibrithe níos sine (mar shampla, san fheirmeoireacht).

## 2. Leithdháileadh Acmhainní Grádaithe de Réir Priacail

Tá acmhainní teoranta ag an Údarás, agus, toisc nádúr a chuid feidhmeanna agus a chuid réimsí freagrachta, tá breith agus dá rogha aige ar conas a leithdháilfear na hacmhainní seo agus cén áit a leithdháilfear iad. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an cur chuige céanna a bheith againn trasna na heagraíochta maidir le leithdháileadh acmhainní, agus go bhfuil sé ceaptha chun na torthaí dearfacha is fearr a bhaint amach as an leithdháileadh acmhainní is fearr a chuirtear ar fáil. Rinneamar na torthaí seo a leanas a aithint: feasacht mhéadaithe agus eolas méadaithe sábháilteachta agus sláinte; ionaid oibre shlána shláintiúla; básanna, gortuithe agus drochshláinte laghdaithe; agus úsáid shlán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach.

Is meán riachtanach é an measúnú priacail chun acmhainní rialála a threorú ionas go mbeidh an tionchar is mó acu ar thorthaí. Nuair a chuirtear leithdháileadh acmhainní chun feidhme atá grádaithe de réir priacail, cuireann sé seo ar ár gcumas réimse tosca a chur san áireamh, mar: earnálacha go bhfuil sé ar eolas go mbaineann guaiseacha suntasacha leo; guaiseacha atá coitianta ar fud earnálacha; ceisteanna nach dtuigtear chomh maith sin iad; méid an ghnóthais; eolas easnamhach ar ghuaiseacha nua; easpa tuisceana; agus cur chuige na bhfostóirí. Bunaithe ar an eolas seo, is féidir linn ár n-acmhainní a dhíriú ar na réimsí sin inar féidir an leas is mó a bhaint astu.

## 3. Comhpháirtíochtaí

Ó bunaíodh an tÚdarás, d'aithin sé go mbaineann buntáiste le dul chun comhrá le páirtithe seachtracha, chun an tionchar is mó a imirt ar fhostóirí agus chun feasacht a mhéadú maidir le ceisteanna sábháilteachta agus sláinte. Chun dul chun comhrá leis na páirtithe seachtracha seo, déantar teagmháil leo go neamhfhoirmiúil ar dtús agus cruthaítear caidreamh reachtúil leo ag deireadh.

Ar an iomlán, bhaineamar leas as a leithéid de chomhaontais agus tugann siad cumas breise dúinn. Leanfaimid de chomhaontais a bhunú a chabhróidh leis an Údarás a phlean straitéiseach a chur ar fáil.

Leanfaimid d'obair a dhéanamh i gcomhar leis na heagraíochtaí sin – lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, fostóirí agus ceardchumainn – a chabhraíonn linn chun dul i dteagmháil le fostóirí agus le fostaithe agus a chomhoibríonn i gcomhar linn ar roinnt tionscnamh, eagraíochtaí a thugann eolas tairbhiúil dúinn freisin agus polasaithe á gceapadh againn.

Oibreoimid chun a chinntiú go leithdháilfear acmhainní sa tslí is éifeachtaí agus déanfaimid iarracht comhshocruithe oibre éifeachtúla a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí eile:

- Trí chomhaontuithe a fhorbairt agus a choinneáil ar bun sna réimsí freagrachta faoi seach againn. Sonrófar gníomhaíochtaí agus torthaí inmheasta sna comhaontuithe sin.
- Trí obair as lámha a chéile le heagraíochtaí eile a bhfuil na spriocanna céanna acu; go háirithe, le heagraíochtaí a chuireann sábháilteacht agus sláinte san ionad oibre nó sa chomhshaol i bhfeidhm nó chun cinn, agus a bhfuil cúram orthu tacú leis an bhfiontraíocht. Áireofar leis na heagraíochtaí seo príomheagraíochtaí atá freagrach as:
  - Iompar earraí
  - Iascaireacht
  - Tiomáint le haghaidh na hoibre
  - Cosaint raideolaíoch
  - Sábháilteacht na n-ábhar ceimiceach
  - Cosaint an chomhshaoil
  - Fuinneamh
  - Dálaí oibre
  - Forfheidhmiú an dlí

- Feirmeoireacht
- Oideachas
- Sábháilteacht earnála poiblí
- Cúram sláinte

Táimid réidh freisin comhoibriú le heagraíochtaí earnála poiblí ar mian leo dea-chleachtais sábháilteachta agus sláinte a chur chun cinn.

### 4. Simpliú an Chomhlíonta

Aithnímid gur gá simpliú a dhéanamh ar an gcomhlíonadh le haghaidh ár gcustaiméirí, agus aithnímid na buntáistí a bhaineann leis seo. Baineann sé seo lenár spriocanna go léir agus lenár gcúraimí agus ár bhfreagrachtaí go léir. Is é ár gcur chuige ginearálta na huirlisí is gá a chur ar fáil d'fhostóirí agus do dhaoine eile chun cabhrú leo a ndualgais a chomhlíonadh. Ba chóir go gcinnteofar leis seo go dtiocfaidh feabhas ar chomhlíonadh riachtanais na reachtaíochta agus go mbainfear an costas comhlíonta is lú amach freisin más ann é.



Chun é seo a dhéanamh, forbróimid tograí reachtacha a bheidh soiléir, comhréireach agus éifeachtach. Sula ndéanfar reachtaíocht a fhorbairt, déanfaimid anailís ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar pháirtithe leasmhara agus cuirfimid an tionchar seo san áireamh. Cinnteoimid freisin go mbeidh rochtain éasca ag ár gcustaiméirí ar an treoir, ar an gcomhairle agus ar na huirlisí againn, go mbeidh siad áisiúil don úsáideoir, go gcomhlíonfaidh siad riachtanais ár gcustaiméirí agus go mbeidh siad costéifeachtach. Déanfaimid iniúchadh ar dheiseanna nua cumarsáide, agus cuirfear béim ar inrochtaineacht agus ar chostas laghdaithe (mar shampla, cumarsáid Idirlín). Mar chríoch, bainfimid an leas is mó as na hiniúchtaí againn ar fhostóirí trí ghlacadh le cur chuige atá bunaithe ar phriacal maidir leis na hionaid oibre a roghnófar le hiniúchadh a dhéanamh orthu agus trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí iniúchta eile.

# 7. Cuir i bhfeidhm

Beidh sé mar dhúshlán láidir ag an Údarás an straitéis againn a chur i bhfeidhm in aimsir neamhchinnteachta eacnamaíoch agus acmhainní laghdaithe. Caithfimid a bheith solúbtha agus freagairt do na dálaí atá ag athrú.

Déanfaidh an tÚdarás:

- Cláir oibre bhliantúla a ullmhú, ar gá cead a fháil ón Aire ina leith, chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus chun ionchuir, aschuir agus torthaí inmhianaithe na gclár seo a aithint.
- Roinnt straitéisí earnála nó feidhmeacha ar leith a fhorbairt atá ailínithe leis an ráiteas straitéise iomlán seo.
- Tuairisc a thabhairt go rialta don Aire ar an dul chun cinn againn maidir le cur i bhfeidhm na gclár oibre agus na straitéise.
- Tuairisc a thabhairt gach bliain ar na cláir agus ar an straitéis againn sa tuarascáil bhliantúil.

Socraíodh spriocanna uaillmhianacha le haghaidh laghduithe 25% ar rátaí gortaithe marfacha agus neamhmharfacha sa Straitéis AE um Shábháilteacht agus Sláinte 2007 – 2012. Is dócha go mbainfear spriocanna na hÉireann amach maidir le básanna san ionad oibre. Níor tháinig aon athrú ar an ráta gortaithe neamhmharfach in Éirinn i rith shaolré na straitéise roimhe seo, áfach, agus ní dócha go mbainfear laghdú 25% amach i rith shaolré na straitéise seo. Shocraigh an tÚdarás sprioc go mbainfeadh fostóirí in Éirinn laghdú 5% amach ar a laghad faoi dheireadh na bliana 2012 maidir leis an ráta gortaithe.

Agus measúnú á dhéanamh ar a chuid feidhmíochta maidir le cur i gcrích na straitéise, cuirfidh an tÚdarás béim ar na torthaí inmhianaithe seo a leanas:

| Toradh | Táscaire feidhmíochta |
|---|---|
| **Laghdú ar an ráta básanna atá bainteach leis an obair** | Laghdú 10% ar mheánráta na mbásanna thar tréimhse trí bliana na straitéise |
| **Laghdú ar an ráta gortuithe neamhmharfacha atá bainteach leis an obair** | Laghdú 5% ar an ráta gortaithe - cuirtear béim áirithe ar laghduithe a bhaint amach maidir le láimhsiú, le sleamhnú, le cor coise agus le titim |
| **Laghdú ar an ráta cásanna drochshláinte atá bainteach leis an obair** | Gníomhaíochtaí coisctheacha agus cur chun cinn méadaithe ag fostóirí chun díriú ar cheisteanna sláinte ceirde<br>Sonraí feabhsaithe ar an drochshláinte cheirde |
| **Úsáid shlán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach** | Feasacht mhéadaithe fostóirí maidir le húsáid ábhar ceimiceach agus ullmhú méadaithe na measúnuithe priacail maidir le hábhair cheimiceacha mar chuid den chóras bainistíochta um shábháilteacht agus sláinte san ionad oibre/ráiteas sábháilteachta<br>Íoslódáileadh níos mó eolais maidir le hábhair cheimiceacha ón ngréasán |
| **Feasacht mhéadaithe agus eolas méadaithe sábháilteachta agus sláinte** | Líon na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí oiliúna nó feasachta sábháilteachta agus sláinte san earnáil oideachais<br>Sábháilteacht agus sláinte a chur ar fáil mar chuid de chúrsaí athoiliúna nó breisoiliúna |
| **Ionaid oibre shlána shláintiúla a chuireann ar chumas rath a bhaint amach** | Ráitis sábháilteachta/cóid chleachtais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i ngnóthais i slí níos fearr<br>Laghduithe ar chostais na ngortuithe agus na drochshláinte san ionad oibre<br>Aisghairm ar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte neamhriachtanach nó iomarcach |

# 8. Struchtúr

## Bord an Údaráis

Socraíonn an Bord polasaí agus cuspóirí straitéiseacha an Údaráis agus déanann sé maoirseacht ghinearálta ar a chuid clár oibre agus próiseas. Cuimsíonn Bord an Údaráis cathaoirleach agus aon bhall déag arna ceapadh ag an Aire Gnóthais Saothair. Ceapann an tAire baill arna n-ainmniú ag eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do na comhpháirtithe sóisialta agus do leasanna a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n-áirítear fostaithe agus fostóirí.

## Foireann an Údaráis

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú agus a rialú de réir fhreagrachtaí reachtúla an Údaráis agus de réir an pholasaí atá leagtha amach ag an mBord. Tá an eagraíocht comhdhéanta de cheithre rannóg, agus tá Leas-Phríomhfheidhmeannach difriúil i gceannas ar gach rannóg, mar atá leagtha amach thíos



**Martin O'Halloran**
Príomhfheidhmeannach

An Rannán um Chomhlíonadh agus Comhairle Ionaid Oibre



**Brian Higgisson**
Príomh-fheidhmeannach Cúnta

An Rannán Polasaithe agus Seirbhísí Ceimiceán



**Sharon McGuinness**
Príomh-fheidhmeannach Cúnta

An Rannán Seirbhísí Coisctheacha



**Mary Dorgan**
Príomh-fheidhmeannach Cúnta

An Rannán Seirbhísí Corparáideacha



**Robert Roe**
Príomh-fheidhmeannach Cúnta

# Aguisín 1: Cúram Reachtach an Údaráis

**Liosta den Phríomhreachtaíocht um Shábháilteacht agus Sláinte Cheirde agus Substaintí Contúirteacha a rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta í a riaradh agus a fhorfheidhmiú, go páirteach nó go hiomlán:**

**Cuid 1: Achtanna**

| Uimhir agus Bliain | Teideal |
|---|---|
| Uimhir 13 de 2008 | An tAcht Ceimiceán 2008<br>*[Tháinig an t-acht seo i bhfeidhm an 15 Iúil 2008 maidir le forálacha tacaíochta atá bainteach leis an riarachán agus an forfheidhmiú i leith riachtanais Rialacháin éagsúla an Chomhphobail Eorpaigh, lena n-áirítear an Rialachán Rotterdam, Rialachán na nGlantach agus an Rialachán REACH.]* |
| Uimhir 10 de 2005 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005<br>*[Tháinig an t-acht seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2005, ach amháin forálacha ailt 4(2), seachas i gcás go mbaineann an fo-alt seo le haisghairm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989.]* |
| Uimhir 43 de 1998 | An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (arna leasú leis an Acht um Iompar ar Bhóithre 1999 – Uimhir 15 de 1999) |
| Uimhir 28 de 1997 | Acht na nArm Ceimiceach 1997 |
| Uimhir 20 de 1997 | An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 (forálacha áirithe amháin)<br>*[I measc nithe eile, rinne an t-acht seo Alt 52 den Acht um Shubstaintí Contúirteacha a leasú (arna leasú roimhe sin le hAlt 58 (j) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989) chomh maith le hAlt 39 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Córacha Amach ón gCósta) 1987.]* |
| Uimhir 18 de 1987<br>. | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Córacha Amach ón gCósta) 1987 (arna leasú leis an Acht um Fhuinneamh (Forálacha Ilghnéitheacha) 1995 (Uimhir 35 de 1995)<br>*[Leasaíodh Alt 39 faoi Alt 41 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997*<br>*Aisghaireadh an t-acht go páirteach leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus trí I.R. Uimhir 357 de 1995.]* |
| Uimhir 9 de 1980 | An tAcht um Shábháilteacht i dTionscal 1980<br>*[Aisghaireadh an tAcht Monarchan 1955 leis an acht seo.* |

| | |
|---|---|
| | *Aisghaireadh an t-acht seo go páirteach leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus trí I.R. Uimhir 237 de 1989, I.R. Uimhir 357 de 1995 agus 2001 agus I.R. Uimhir 300 de 2007.*<br><br>*Áirítear leis na forálacha aisghairthe, in alt 2, sainmhíniú ar "fógra toirmisc, coiste sábháilteachta, toscaire sábháilteachta agus ionadaí sábháilteachta" agus míreanna (a) agus (b) den sainmhíniú ar "áitreabh sonraithe", Alt 9 go dtí Alt 16, 19, 22, 23, 26, 28, 29, 34 go 39, 41, 42 (2) agus (3), 44, 45, 49, 50, 53 agus 55.*<br><br>*Ó 1 Samhain 2007 ar aghaidh, aisghaireadh Alt 28 agus Alt 29 leis an Ordú um an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Aisghairmeacha)(Tosach Feidhme) 2007 (I.R. Uimhir 300 de 2007) agus tugadh isteach ina n-ionad forálacha áirithe de Chaibidil 2 (Úsáid Trealamh Oibre), Cuid 2 de I.R. Uimh 299 de 2007.]* |
| Uimhir 10 de 1972 | An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha 1972<br><br>*[Aisghaireadh Alt 52 faoi Alt 41 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.*<br><br>*Aisghaireadh an t-acht go páirteach leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus trí I.R. Uimhir 103 de 1990 agus I.R. Uimhir 357 de 1995.]* |
| Uimhir 21 de 1979 | An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha (Leasú) 1979<br><br>*[Aisghaireadh Alt 2]* |
| Uimhir 7 de 1965 | An tAcht um Mianaigh agus Cairéil 1965<br><br>*[Aisghaireadh an t-acht seo go páirteach leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus trí I.R. Uimhir 237 de 1989 agus I.R. Uimhir 357 de 1995.*<br><br>*An tOrdú um an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Cairéil) (Aisghairmeacha agus Cúlghairmeacha) (Tosach Feidhme) 2008 (I.R. Uimhir 29 de 2008), ghníomhachtaigh sé aisghairm ar an Acht um Mianaigh agus Cairéil 1965 (Uimhir 7 de 1965) sa mhéid go mbaineann an tAcht sin le cairéil (lena n-áirítear Ailt 23 go dtí 29, 91 go dtí 97 agus 133(2) agus (3)) agus rinne sé na Rialacháin, na hOrduithe agus na Rialacha go léir a rinneadh faoin Acht sin a chúlghairm toisc go mbaineann siad le cairéil, ó 1 Bealtaine 2008 ar aghaidh, nuair a tugadh isteach in ionad na bhforálacha sin na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 (I.R. Uimhir 28 de 2008).]* |

| | |
|---|---|
| Uimhir 10 de 1955 | An tAcht Monarchan 1955<br>*[Arna leasú leis an Acht um Shábháilteacht i dTionscal 1980.*<br>*Aisghaireadh an t-acht seo go páirteach leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989 agus trí I.R. Uimhir 237 de 1989, I.R. Uimhir 357 de 1995, I. R. Uimhir 138 de 2001 agus I.R. Uimhir 300 de 2007.*<br>*Áirítear leis na forálacha aisghairthe Ailt 10 go dtí 14, 17 go dtí 19, 24, 25, 27, 28, 30, 33 go dtí 35, 36 (5) (arna cur isteach le halt 25 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal, 1980 ), 37, 44, 45 (arna leasú le hailt 7 agus 22 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal 1980), 46, 47 (arna leasú le halt 22 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal 1980), 48 (ar cuireadh alt 23 den Acht um Shábháilteacht i dTionscal 1980 isteach ina ionad), 49, 52, 53 (2) agus (3), 54, 55, 56, 57, 59 (3), 60 go dtí 61, 64 go dtí 66, 67 (2), 68 go dtí 72 go dtí 75, 78, 81, 83 go dtí 85, 86 (1) (b), (d), (f), (g), (i), (k) agus (l), 90 go dtí 95, 98, 107, 110 go dtí 116, 119 go dtí 122, 124, 125 agus 127.]* |
| 1890 c.35 | An tAcht um Phléascthaí Coire 1890 |
| 1882 c.22 | An tAcht um Phléascthaí Coire 1882 |

**Cuid 2: Rinneadh amach níos mó ná 74 shraith Rialachán faoi na hAchtanna thuas, lena n-áirítear -**

| I.R. Uimhir agus Bliain | Teideal |
|---|---|
| I.R. Uimhir 28 de 2008 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) 2008 |
| I.R. Uimhir 299 de 2007 agus I.R. Uimhir 732 de 2007 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 arna leasú leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta)(Leasú) 2007 |
| I.R. Uimhir 504 de 2006, I.R. Uimhir 130 de 2008 agus I.R. Uimhir 423 de 2008 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 arna leasú leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2008 agus leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) (Uimhir 2) 2008 |
| I.R. Uimhir 386 de 2006 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Risíocht le hAispeist) 2006 |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimhir 619 de 2001 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001 |
| I.R. Uimhir 218 de 2001 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Áiteanna Cúnga) 2001 |
| I.R. Uimhir 078 de 2001 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaiginí) 2001 |
| I.R. Uimhir 146 de 1994 agus I.R. Uimhir 248 de 1998 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) 1994 arna leasú leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Bhitheolaíocha) (Leasú) 1998 |
| I.R. Uimhir 44 de 1993 | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 (I.R. Uimhir 44 de 1993).<br>*[Ó 1 Samhain 2007 ar aghaidh, aisghaireadh na forálacha go léir (seachas Cuid X agus an Dara Sceideal Déag a bhain le timpistí agus le teagmhais chontúirteacha a chun in iúl) agus tugadh forálacha éagsúla de I.R. Uimhir 299 de 2007 isteach ina n-ionad.]* |

**Cuid 3: Rialacháin arna Déanamh Amach Faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 ag Trasuí Treoracha an Chomhphobail Eorpaigh**

| I.R. Uimhir agus Bliain | Teideal |
|---|---|
| I.R. Uimhir 289 de 2007 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar)(Forálacha Ilghnéitheacha ADR) 2007<br>*[Na Rialacháin seo, lena n-aisghaireadh I.R. Uimhir 406 de 2006 agus a tugadh isteach ina hionad) tháinig siad i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2007 agus cuireann siad leis na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2007 (I.R. Uimhir 288 de 2007).]* |
| I.R. Uimhir 76 de 2007 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) (Leasú) 2007<br>*[Rinne na rialacháin seo I.R. Uimhir 62 de 2004 a leasú ó 1 Márta 2007 ar aghaidh.]* |
| I.R. Uimhir 74 de 2006 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórtimpistí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2006<br>*[Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm an 15 Feabhra 2006 in ionad I.R. Uimhir 476 de 2000 agus I.R. Uimhir 402 de 2003 agus rinneadh na hionstraimí reachtúla seo a aisghairm.]* |

| | |
|---|---|
| I.R. Uimhir 25 de 2006 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Chur in Iúl) (Leasú) 2006<br>*[Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm an 25 Eanáir 2006 lena leasaíodh I.R. Uimhir 116 de 2003.]* |
| I.R. Uimhir 374 de 2004 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Brú-Threalamh Iniompair) 2004 |
| I.R. Uimhir 62 de 2004 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ullmhóidí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú agus a Lipéadú) 2004<br>*Tugadh na rialacháin seo isteach in ionad I.R. Uimhir 272 de 1995 agus I.R. Uimhir 354 de 1998 agus rinneadh na hionstraimí reachtúla seo a aisghairm . Rinneadh na rialacháin seo a leasú le I.R. Uimhir 76 de 2007 an 1 Márta 2007. Ó 15 Iúil 2008 ar aghaidh, rinneadh na rialacháin seo a leasú le I.R. Uimhir 271 de 2008.]* |
| I.R. Uimhir 116 de 2003 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Contúirteacha a Aicmiú, a Phacáistiú, a Lipéadú agus a Chur in Iúl) 2003<br>*[Aisghaireadh I.R. Uimhir 393 de 2000 leis na rialacháin seo. Leasaíodh na rialacháin seo le I.R. Uimhir 25 de 2006 agus, ó 15 Iúil 2008 ar aghaidh, le I.R. Uimhir 272 de 2008.]* |
| I.R. Uimhir 518 de 2001 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Innealra) 2001<br>*[Cúlghrófar na rialacháin seo agus tabharfar cinn eile isteach ina n-ionad ó 29 Nollaig 2009. Féach I.R. Uimhir 407 de 2008.]* |
| I.R. Uimhir 400 de 1999 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Brú-Threalamh) 1999 |
| I.R. Uimhir 83 de 1999 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh agus Córais Chosanta atá Beartaithe le hÚsáid in Atmaisféir Inphléasctha) 1999 |
| I.R. Uimhir 246 de 1998<br>I.R. Uimhir 406 de 2008 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) 1998<br>*[Arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ardaitheoirí) (Leasú) 2008]* |
| I.R. Uimhir 272 de 1993 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Trealamh Cosanta Pearsanta) 1993 |
| I.R. Uimhir 101 de 1992 agus I.R. Uimhir 150 de 1995 | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fearais a Dhónn Breoslaí Gásacha) 1992 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fearais a Dhónn Breoslaí Gásacha)(Leasú) 1995 |

# Aguisín 2: Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Straitéise Roimhe Seo

Ba é an Ráiteas Straitéise 2007-2009 an chéad straitéis arna hullmhú de réir ailt 43 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tháinig sé i bhfeidhm sa bhliain 2007 agus lean sé ar feadh trí bliana go dtí Nollaig 2009.

Leagadh amach fís agus misean an Údaráis sa straitéis. I rith théarma na straitéise cuireadh athruithe shuntasacha eagraíochtúla agus comhshaoil i gcrích lena n-áirítear athrú Boird, ceapachán nua Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin, forbairtí suntasacha i gcur chuige na hEorpa maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde agus mórathruithe san ionad oibre, sa lucht oibre agus sa gheilleagar. Ina theannta sin, cuireadh de dhualgas ar an Údarás REACH, straitéis nua an AE um ábhair cheimiceacha, a chur i bhfeidhm in Éirinn agus earcaíodh baill foirne bhreise chun a dhualgais nua a chomhlíonadh. Thar téarma na straitéise lean an ráta gortaithe marfach in Éirinn de dhul in ísle.

Taispeánadh i suirbhé Uile-Eorpach a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair le déanaí, maidir leis an tsábháilteacht agus an tsláinte cheirde, gur cheap 83% de fhreagróirí gur tháinig feabhas nó feabhas mór ar an tsábháilteacht agus ar an tsláinte ag an obair in Éirinn le cúig bliana anuas. Ba é seo an leibhéal feabhais b'airde a taifeadadh san AE27.

Cuimsíodh sé phríomhsprioc sa straitéis. Tugtar achoimre thíos ar na spriocanna seo agus ar an dul chun cinn a rinneadh chun iad a bhaint amach:

**Sprioc 1:** *Feasacht a spreagadh ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde agus ar leas ceirde san ionad oibre i measc fostóirí, fostaithe agus sa tsochaí trí chéile*

D'fhan "branda" an Údaráis láidir i gcónaí i gcúrsa na straitéise agus athneartaíodh é trí fheachtais rathúla ard-tionchair na meán a bhain le freagrachtaí na stiúrthóirí agus le sábháilteacht ar an bhfeirm. Rath ar leith a bhí ann nuair a cruthaíodh feasacht ard maidir le REACH, réimse úrnua don Údarás agus do thionscal na hÉireann.

D'ainneoin go bhfuil an tÚdarás réasúnta beag ó thaobh líon iomlán na mball foirne de agus i gcomparáid le comhlachtaí comhchosúla san AE, chabhraigh ard-phróifíl meán seasta agus gníomhaíochtaí mhúscailt feasachta go mór leis an Údarás chun gealltanas a fháil ó fhostóirí agus ó na fostaithe. Trí raon leathan seimineár agus comhdhálacha a tionóladh i rith théarma na straitéise, cuireadh an teachtaireacht sábháilteachta agus sláinte in iúl do na mílte duine. Éireoidh leis an Údarás go leanúnach líon na mbásanna agus na ngortuithe a laghdú bunaithe go mór ar an tionchar a bheidh ag cruthú leanúnach na n-ard-leibhéal feasachta atá ann cheana féin maidir leis an Údarás agus leis an tsábháilteacht agus sláinte, agus leis na hard-leibhéil seo a chosaint.

**Sprioc 2:** *Díriú ar oibrithe agus bainisteoirí na todhchaí trí chultúr sábháilteachta a chothú trí idirghabháil luath agus leantach sna córais oideachais agus oiliúna*

Sprioc nua agus dúshlánach ab ea é seo. Bhí sé dúshlánach ó thaobh dhá ghné de; an méid ama fada a thóg sé chun athrú a bhaint amach maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil agus na tréimhsí ama suntasacha idir an idirghabháil agus an toradh.

Cuireadh clár a bhí sainmhínithe go soiléir i

bhfeidhm bunaithe ar an gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe san earnáil oideachais. Rinneadh dul chun cinn maith i rith shaolré na straitéise agus úsáidfear é seo mar bhunús do chláir na todhchaí. Thar tréimhse na straitéise, ghlac 40,000 mac léinn bunleibhéil agus iar-bhunleibhéil páirt i gcláir sábháilteachta agus sláinte mar chuid den straitéis oideachais againn (lena n-áirítear an clár Roghnaigh an tSábháilteacht agus Gnóthachtáil na Sóisear). Chuaigh an tÚdarás in urrús freisin ar an Aonach Eolaíocha Bunleibhéil ag Taispeántas na nEolaithe Óga de chuid BT agus ghlac sé páirt sna cás-staidéir Eolaíocht agus Teicneolaíocht ar Obair agus Meon na Fiontraíochta a chuirtear ar fáil do na hiar-bhunscoileanna go léir.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maith, beidh sé riachtanach infheistíocht bhreise leanúnach a dhéanamh sa réimse seo chun torthaí réadacha inbhuanaithe a bhaint amach.

**Sprioc 3:** *Eolas agus treoir ábhartha agus shainiúil a chur ar fáil go héasca dóibh siúd a bhainistíonn agus a chuireann sábháilteacht san ionad oibre chun cinn i ngach earnáil agus cabhrú leo a spriocanna a bhaint amach*

Léiríodh leis an sprioc seo príomhfheidhm an Údaráis mar atá leagtha amach in alt 34 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Bhí straitéis éifeachtach i bhfeidhm maidir leis an sprioc seo a chur i gcrích agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis seo. Go háirithe, cuireadh eolas uileghabhálach tráthúil ar fáil maidir leis na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta agus le REACH agus cuireadh treoir nuálach le chéile le haghaidh na hearnála foirgníochta. Ina theannta sin, chuir ár suíomh gréasáin athchóirithe agus ár gcóras eolais teileafóin neartaithe ar chumas líonta móra daoine an t-eolas sábháilteachta agus sláinte a rochtain go héasca agus go tapa. Ar an iomlán, íoslódáladh breis is 1 mhilliún foilseachán ón suíomh gréasáin againn thar tréimhse trí bliana agus, ar an meán, cuireadh beagnach 30,000 glaoch ar an Aonad Teagmhála Ionaid Oibre i rith gach bliain de na trí bliana sin.

Sa suirbhé tuairimí a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair le déanaí, fuarthas amach go raibh 84% de fhreagróirí in Éirinn den tuairim go raibh eolas an-mhaith nó réasúnta maith acu maidir le priacail sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre. Is é seo an dara leibhéal is airde a taifeadadh san AE27 agus tá sé seo cuid mhór níos airde ná an meán AE.

I gcás straitéisí sa todhchaí, moltar gur chóir díriú ar eolas inrochtana a chur ar fáil do thionscail bheaga toisc gurb é seo an grúpa inar féidir an tionchar is mó a bhaint amach.

**Sprioc 4:** *Reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde a chur chun cinn trí iniúchtaí spriocdhírithe tosaíochta agus trí chaingean dlí nuair is gá*

Is ionann an sprioc seo agus gníomhaíocht shuntasach an Údaráis agus bhí sé éifeachtach go háirithe sa réimse sábháilteachta. I rith shaolré na straitéise, díríodh níos mó ar ghnéithe sláinte ceirde mar chuid d'iniúchtaí. Tháinig méadú ar leibhéal iomlán na n-iniúchtaí ó 13,631 go dtí 16,000

iniúchadh idir na blianta 2007 agus 2008 agus rinneadh 18,400 iniúchadh sa bhliain 2009. Bhain gníomhaíochtaí forfheidhmithe le timpeall is 15% d'iniúchtaí agus tugadh comhairle amach maidir le breis is 70% d'iniúchtaí, lena n-áirítear comhairle béil agus scríofa araon. Ionstraim an-éifeachtach ab ea é seo chun feabhas a bhaint amach maidir le leibhéil comhlíonta deonaigh. Leanfaidh na gníomhaíochtaí seo de bheith ina bpríomhghné d'obair an Údaráis.

Baineadh feabhsúcháin áirithe amach i réimsí na sábháilteachta foirgníochta, go háirithe maidir le titim ó airde, le sábháilteacht na n-oibreacha bóthair agus leis an tsábháilteacht agus sláinte sna húdaráis áitiúla.

Nuair a bhí gá leis, rinne an tÚdarás daoine aonair agus cuideachtaí a ionchúiseamh de bharr sháruithe ar an reachtaíocht, go háirithe i gcás timpistí tromchúiseacha agus marfacha. Bhí roinnt ionchúiseamh iomráiteach ann agus bhain fíneáil €2 mhilliún le ceann amháin díobh, an fhíneáil is mó riamh a taifeadadh le haghaidh sárú ar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte.

**Sprioc 5:** *Clár taighde a fhorbairt ar réimsí ardphriacail arb ann dóibh cheana agus cinn atá ag teacht chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a chuirfidh ár mbearta go léir ar an eolas*

B'fhiú mórán an taighde chun bunlínte a bhunú agus chun tacú le húsáid bharrmhaith acmhainní. Rinneadh níos mó taighde de cháilíocht níos fearr i rith na straitéise seo ná i rith tréimhse ar bith eile le linn shaolré an Údaráis. I measc tionscadal taighde tábhachtach bhí measúnú ar an gclár againn "obair ar airde", chomh maith le hathbhreithniú ar shábháilteacht agus sláinte i measc oibrithe inimirceacha. Chabhraigh na tionscadail seo linn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chuir chuige againn agus acmhainní a dháileadh ar cheisteanna tábhachtacha.



Beidh sé riachtanach taighde leanúnach a dhéanamh mar chuid de straitéisí na todhchaí ionas go mbainfear an leas is éifeachtaí as na hacmhainní againn. Beidh sé seo dúshlánach go háirithe thar saolré na chéad straitéise eile.

**Sprioc 6:** *Cinntiú go seachadann an tÚdarás agus a fhoireann, a acmhainní agus a shaoráidí ar na spriocanna corparáideacha seo i gcomhréir le dea-chleachtas agus luach ar airgead*

Díríodh mar chuid den sprioc seo ar a chinntiú go raibh acmhainní ag an Údarás, go raibh sé struchtúrtha agus go raibh na daoine cuí agus na próisis agus na córais chuí aige chun tacú le spriocanna sochaíocha a chur i gcrích. Cuireadh an sprioc seo i bhfeidhm go héifeachtach agus mar gheall ar seo cuireadh go príomha le cur i gcrích na straitéise agus na gclár oibre bliantúil.

Baineadh ardleibhéil ionracais, luacha ar airgead agus rialachais amach i rith théarma na straitéise. Bhain an tÚdarás táirgiúlacht mhéadaithe amach freisin agus cuireadh forbairtí tábhachtacha bonneagracha i ngníomh, lena n-áirítear córais nua bainistíochta forfheidhmithe agus cóiríocht nua oifige a chur ar fáil.

Rinneadh tiomantas agus gairmiúlacht fhoireann an Údaráis a aithint nuair a d'éirigh léi dámhachtainí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach, lena n-áirítear: Dámhachtain um Fheabhas san Earnáil Phoiblí; An Caighdeán Óir Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe; Creidiúnú an Customer Contact Association; Dámhachtain um Éifeachtacht Fógraíochta, Dámhachtain um Fheabhas sa TFC agus Dámhachtain an Rialtais um Nuáil.



# Nótaí

# Nótaí

*Cultúr náisiúnta*
*ina mbeidh*
*cách tiomanta*
*don tsábháilteacht*
*agus don tsláinte*
*ar na hionaid oibre agus*
*do bhainistiú slán*
*inbhuanaithe na*
*n-ábhar ceimiceach*


**An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**

**Teil: 1890 289 389**

**Glaoiteoirí idirnáisiúnta**
**00353 1 6147000**
**Facs (01) 6147020**

www.hsa.ie


HEALTH AND SAFETY AUTHORITY


Uimhir ISBN: 978-1-84496-124-5

HSA 0331